Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meán Fómhair 2017
(OR. en)**

**12420/17
ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2017/0230 (COD)**

**EF 199
ECOFIN 736
SURE 35
CODEC 1432**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Meán Fómhair 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2017) 309 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN  gCOMHAIRLE Rialachán leasaitheach (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach); Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde); Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí); Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 maidir le cistí caipitil fiontair Eorpacha; Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 maidir le cistí fiontraíochta sóisialta Eorpacha; Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais; Rialachán (AE) Uimh. 2015/760 maidir le cistí infheistíochta fadtéarmaí Eorpacha; Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas; agus Rialachán (AE) 2017/1129 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2017) 309 final.

---

Faoi iamh: SWD(2017) 309 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.9.2017
SWD(2017) 309 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh**
**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**Rialachán leasaitheach (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach); Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde); Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí); Rialachán (AE) Uimh. 345/2013 maidir le cistí caipitil fiontair Eorpacha; Rialachán (AE) Uimh. 346/2013 maidir le cistí fiontraíochta sóisialta Eorpacha; Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais; Rialachán (AE) Uimh. 2015/760 maidir le cistí infheistíochta fadtéarmaí Eorpacha; Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas; agus Rialachán (AE) 2017/1129 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte**

{COM(2017) 536 final} - {SWD(2017) 308 final}

| **Bileog Achoimre Feidhmiúcháin** |
|---|
| Measúnú tionchair ar an: Togra maidir le leasú a dhéanamh ar na Rialacháin lena mbunaítear Údaráis Eorpacha Maoirseachta (Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010; Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010) |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** 11 líne ar a mhéad |
| Tar éis dóibh a bheith i bhfeidhm ar feadh sé bliana, sainaithníodh na fadhbanna seo a leanas i gcreat na ÚMEanna:<br>1) **Srianta leis na ÚMEanna a sainorduithe atá ann cheana a chomhlíonadh go hiomlán**. Baineann an fhadhb seo leis na srianta atá ann cheana le ÚMEanna a sainorduithe a chomhlíonadh go hiomlán agus an toradh cuí a sholáthar maidir le cúraimí rialála, agus maidir le gníomhaíocht cóineasaithe maoirseachta go háirithe, agus leis an gcaoi a gcuireann na srianta sin tuilleadh brú fós ar na ÚMEanna de réir mar a leantar den phróiseas comhtháite airgeadais. Eascraíonn na cúiseanna atá leis na fadhbanna as neamh-leordhóthanachtaí sa chaoi ar ceapadh a gcumhachtaí, sa chaoi a bhfeidhmíonn an chinnteoireacht (an rialachas) agus sa chaoi a gcuirtear acmhainní ar fáil dóibh do na cúraimí sin.<br>2) **Neamh-leordhóthanacht raon feidhme na sainorduithe atá ann cheana don todhchaí**. Baineann an fhadhb seo le neamh-leordhóthanachtaí i raon feidhme a sainorduithe i dtaca le hiarrachtaí margaí a chomhtháthú a thuilleadh. Is é is príomhchúis leis an bhfadhb éagmais cumhachtaí áirithe agus cúraimí a bhaineann le gnólachtaí, táirgí agus bonneagair mhóra margaidh trasteorann ar fud an Aontais, agus le hionstraimí agus gnéithe tríú tíortha. Cuireann rialachas agus cistiú neamh-leordhóthanach leis an bhfadhb seo trí shrian breise a chur le feidhmiú éifeachtach cumhachtaí níos leithne. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** 8 líne ar a mhéad |
| Is é is cuspóir d'athbhreithniú ar **chumhachtaí na ÚMEanna** maoirseacht éifeachtach éifeachtúil ar mhargaí airgeadais agus caipitil a chur i bhfeidhm, maidir le gníomhaíochtaí agus eintitis trasteorann go háirithe. Cuirfidh sé sin feabhas ar chobhsaíocht airgeadais, cosaint iomchuí do thomhaltóirí agus infheisteoirí, agus feidhmiú ceart na margaí airgeadais san Aontas. Is é is cuspóir d'athbhreithniú ar struchtúr **rialachais na ÚMEanna** a áirithiú go ndéanfar iad a dhreasú chun a gcumhachtaí a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus a gcúraimí a dhéanamh i gcomhréir lena sainorduithe, agus cinntí a dhéanamh gan mhoill ar mhaithe le leas an Aontais chun go mbeidh struchtúr rialachais iomchuí ag na ÚMEanna chun aghaidh a thabhairt freisin ar na dúshláin a thiocfaidh rompu. Is é is cuspóir d'athbhreithniú ar **chistiú na ÚMEanna** leordhóthanacht acmhainní a áirithiú i bhfianaise chúraimí agus shainorduithe na ÚMEanna, agus comhréireacht na gcostas a bheidh ar na páirtithe a dhéanann ranníocaíochtaí a sheasamh. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** 7 líne ar a mhéad |
| De thoradh chomhtháthú na margaí airgeadais trasteorann tagann méadú ar líon na ndeiseanna infheistíochta a bhíonn ann agus feabhas ar chistiú agus seirbhísí bainistithe riosca rud a théann chun tairbhe do gheilleagar an Aontais. Cuirfidh athruithe chun feabhais ar chreat na ÚMEanna an comhtháthú margaidh chun cinn agus áiritheoidh siad go ndéanfar sin i dtimpeallacht mhaoirseachta atá slán sábháilte. De bhrí go bhfuil an bealach a bhfeidhmíonn na ÚMEanna cumhdaithe i ndlí an Aontais, is trí ghníomhú ar leibhéal an Aontais amháin is féidir foráil a dhéanamh maidir leis na feabhsuithe inmhianaithe. |

| **B. Réitigh** |
|---|
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** 14 líne ar a mhéad |
| I ngeall ar na fadhbanna arna sainaithint a bhaineann le cumhachtaí, rialachas agus cistiú ÚMEanna, tá gá le Rialacháin ÚME agus, chomh maith leis sin, gníomhartha reachtacha earnálacha roghnaithe a leasú. Maidir le cumhachtaí, is é atá i gceist leis an rogha thosaíochta cumhachtaí áirithe atá ann cheana a shoiléiriú agus a neartú agus cumhachtaí nua a shannadh do na ÚMEanna i réimsí sonraithe. Is léiriú é seo ar thábhacht na ngníomhaíochtaí trasteorann agus an *acquis* a bhfuil méadú ag teacht air i réimse na seirbhísí airgeadais. Is é atá i gceist leis an *acquis* i réimse na seirbhísí airgeadais go háirithe cumhachtaí a shannadh do ÚEUManna maidir le soláthraithe seirbhísí tuairiscithe sonraí, cistí infheistíochta fadtéarmaí Eorpacha (ELTIFanna), agus tagarmharcanna criticiúla gnóthas nó bainisteoirí comhinfheistíochta a bhfuil lipéad AE orthu (EuVECA agus |

EuSEF), réamheolairí áirithe agus tagarmharcanna áirithe.
Maidir le rialachas, cuimsíonn an rogha thosaíochta na nithe seo a leanas: raon feidhme cinnteoireachta an Bhoird Maoirseoirí a choigeartú; Bord Feidhmiúcháin atá comhdhéanta de chomhaltaí neamhspleácha lánaimseartha a chur in áit an Bhoird Bainistíochta agus ról cinnteoireachta níos láidre a thabhairt dó maidir le cúraimí áirithe neamhrialála; feabhas a chur ar chumhachtaí an Chathaoirligh agus é a cheapadh go seachtrach. In ionad an chórais cistiúcháin atá ann cheana, chuirfí samhail chistiúcháin mheasctha lena gcomhcheanglófaí ranníocaíochtaí ó bhuiséad an Aontais agus ranníocaíochtaí ó lucht an tionscail rud a d'áiritheodh leordhóthanacht na n-acmhainní i bhfianaise chúramaí méadaitheacha na ÚMEanna agus comhréireacht ó thaobh dháileadh na gcostas.

**Cé a thacaíonn leis na roghanna éagsúla?** 7 líne ar a mhéad

Níl na geallsealbhóirí ar aon tuairim maidir leis na ÚMEanna a neartú agus cumhachtaí nua a shannadh dóibh. Luaigh institiúidí eile de chuid an Aontais roimhe seo go bhfuil siad i bhfách leis na ÚMEanna a neartú agus cumhachtaí nua a shannadh dóibh. Níor thug na freagróirí a bhí páirteach sa chomhairliúchán poiblí tuairim uathu ach amháin maidir le CPLanna, soláthraithe seirbhísí sonraí agus cistí áirithe de chuid an Aontais. Níor thug formhór na bhfreagróirí freagra ar an gceist maidir le maoirseacht dhíreach. Tacaíonn geallsealbhóirí i réimsí éagsúla (eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí AE, lucht tionscail agus údaráis phoiblí áirithe) le coigeartuithe ar an tsamhail rialachais arb é is aidhm dóibh tuilleadh éifeachtúlachta agus sásraí dreasachta níos fearr a fhorbairt. Is iad an Pharlaimint den chuid is mó agus údaráis phoiblí ar bhonn níos lú a thacaíonn leis na hathruithe ar an tsamhail chistiúcháin agus leis an athrú chuig cistiú ón tionscal. Níl aon léargas ag formhór na ngeallsealbhóirí ar fheidhmiú shocruithe cistiúcháin ná rialachas inmheánach na ÚMEanna.

## C. Tionchair na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?** 12 líne ar a mhéad

Is é a bheadh mar thoradh ar chúraimí agus cumhachtaí áirithe a lárú chuig na ÚMEanna feabhas suntasach ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht na maoirseachta ar fud an Aontais. Laghdódh an rogha thosaíochta na costais ar ghnólachtaí agus údaráis inniúla náisiúnta; chuirfí dlí an Aontais i bhfeidhm ar bhonn níos aonfhoirmí agus theorannófaí an riosca go mbainfí míchiall as. Trí thuilleadh comhaltaí buana neamhspleácha a chur ar Bhoird na ÚMEanna, tugtar isteach dearcadh eisiach de chuid an Aontais sa nós imeachta cinnteoireachta agus cúiteoidh sin tuairimí ionadaithe na n-údarás inniúil náisiúnta ar mó an dóchúlacht go mbeadh orthu aghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí leasa. D'áiritheodh na comhaltaí buana freisin go mbeadh tuilleadh leanúnachais ann agus dearcadh níos fadtéarmaí i bpróiseas cinnteoireachta na ÚMEanna. Chuirfí le húdarás an Chathaoirligh dá sannfaí cearta vótála dó. Cinntítear leis an tsamhail chistiúcháin mheasctha gur fearr a bheidh buiséad na ÚMEanna in ann freagairt do riachtanais agus go leanfaidh an rialú buiséadach atá ann cheana agus an chuntasacht de bheith ag institiúidí an Aontais. Ina theannta sin, tugtar isteach leis comhréireacht i ndáileadh na gcostas.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** 12 líne ar a mhéad

Táthar ag súil nach mbeidh tionchar díobhálach ar bhuiséad an Aontais ag na roghanna tosaíochta faoi chumhachtaí, rialachas agus cistiú a thabhairt isteach. Is é is cúis leis seo go n-urramaíonn an mhodheolaíocht chistiúcháin atá molta na huasteorainneacha a fhoráiltear leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil atá ann faoi láthair agus, ag an am céanna, a ligeann do ÚMEanna an cistiú breise atá de dhíth orthu a fháil ón earnáil phríobháideach. Anuas air sin, déanfar an mhaoirseacht dhíreach a chistiú le táillí a ghearrfar go díreach ar na heintitis a ndéantar maoirseacht dhíreach orthu. Maidir leis na heintitis eile, bainfear feidhm níos déine as na cumhachtaí atá ag na ÚMEanna cheana agus as cumhachtaí maoirseachta indírí nua a d'fhéadfadh a bheith ann agus ciallóidh sin go mbeidh costais níos airde ar oibríochtaí na ÚMEanna ach ba cheart go bhféadfaí iad sin a fhritháireamh, áfach, trí bhíthin an choigiltis costais a thiocfaidh as maoirseacht níos éifeachtúla.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** 8 líne ar a mhéad

Ba cheart go mbainfeadh gnólachtaí de gach méid tairbhe as margaí airgeadais níos comhtháite lena gcuirfear deiseanna infheistíochta, cistithe agus bainistithe riosca ar fáil agus as an tsábháilteacht agus an fhóntacht a chuirfidh maoirseacht níos comhtháite ar fáil do mhargaí comhtháite. Anuas air sin, ba cheart go mbainfidís, mar cháiníocóirí, tairbhe as costais na ÚMEanna a bheith á ngearradh ar bhonn níos lú ar cháiníocóirí ginearálta. Maidir le soláthraithe seirbhísí airgeadais beaga agus meánmhéide, déanfar ranníocaíochtaí agus táillí a dháileadh i gcomhréir le méid a ngníomhaíochtaí.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** 4 líne ar a mhéad

| |
|---|
| Scaoilfear na húdaráis inniúla náisiúnta den oibleagáid atá orthu ranníocaíocht a dhéanamh le buiséad na ÚMEanna. Cuirfidh roinnt de na hathruithe ar leithdháileadh na gcumhachtaí cinnteoireachta (lena mbeidh baint níos mó ag Bord Feidhmiúcháin nuabhunaithe) agus ar shannadh cumhachtaí díreacha nua do na ÚMEanna i réimsí sonracha, cuirfidh siad teorainn le ról na n-údarás inniúil náisiúnta i réimsí lena mbaineann fíorluach breise AE. I dtéarmaí glana, ba cheart nach mbeadh aon tionchar ar bhuiséid náisiúnta, é sin nó go mbeadh tionchar dearfach orthu (eadhon coigiltis bhreise de bharr nár ghá ranníocaíocht a dhéanamh le buiséid na ÚMEanna a thuilleadh). |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** <u>6 líne ar a mhéad</u> |
| Is fearr a bheidh na ÚMEanna athchóirithe in ann a sainorduithe a chomhlíonadh agus tiocfaidh as sin tairbhí breise d'institiúidí airgeadais agus do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Tiocfaidh tairbhí ginearálta as an athbhreithniú ar na ÚMEanna do sholáthraithe agus úsáideoirí seirbhísí airgeadais ar fud an Aontais agus lasmuigh de. Beidh tionchar díreach ag na roghanna tosaíochta sa mheasúnú tionchair i ngach earnáil ar na ÚMEanna, an bealach a gcistítear iad, a samhail rialachais agus a gcumhachtaí. |
| **D. Obair Leantach** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** <u>4 líne ar a mhéad</u> |
| Déanfar foráil i Rialacháin ÚME maidir le meastóireacht ar an gCóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais (CEMA) gach trí bliana ó thús éifeachtach a oibríochta. Eisíodh an chéad tuarascáil ón gCoimisiún in 2014. Leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar fheidhmiú CEMA agus tuairisceoidh sé dá réir sin. |